Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5026/24**

**ECOFIN 5**
**UEM 4**
**SOC 4**
**EMPL 4**
**COMPET 4**
**ENV 4**
**EDUC 3**
**RECH 4**
**ENER 3**
**JAI 6**
**GENDER 3**
**ANTIDISCRIM 3**
**JEUN 3**
**SAN 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta míniúcháin - Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan den nóta míniúcháin a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, tar éis chruinnithe an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus Mheitheal an Ghrúpa Euro.

## Nóta míniúcháin

*- Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2024*

In Airteagal 2ab)(2) de Rialachán Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, ar cuid é den roinn maidir le 'Idirphlé Eacnamaíoch', cuirtear an méid seo a leanas in iúl: '*Mar riail ghinearálta, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'.

Leis seo, i dtaca leis an 'riail comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na hathruithe a comhaontaíodh ar na Moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**<u>Moladh 1 maidir leis an Limistéar Euro</u>**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Beartais fhioscacha chomhordaithe agus stuama a ghlacadh chun fiachas a choimeád ar leibhéal stuama nó chun cóimheasa fiachais a chur ar chonair inchreidte anuas. Staid fhioscach a bheidh sriantach ar an iomlán a bhaint amach sa limistéar euro agus filleadh tráthúil an bhoilscithe ar sprioc 2 % a éascú dá réir, agus a bheith solúbtha i gcónaí i bhfianaise na héiginnteachta móire. Clabhsúr a chur a luaithe is féidir le bearta tacaíochta fuinnimh a bhaineann le géarchéim agus an coigilteas a bheidh mar thoradh air sin a úsáid chun easnaimh a laghdú. Agus comhlíontacht leis na huasmhéideanna caiteachais a mholann an Chomhairle á háirithiú, an staid fhioscach a mhodhnú chun dibhéirseachtaí fadmharthanacha i mboilsciú a sheachaint. Sa mheántéarma, straitéisí fioscacha a fhorbairt chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a neartú i gcás inar gá, trí chomhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, in éineacht le hinfheistíochtaí poiblí ardcháilíochta agus athchóirithe. I gcás inar gá, bearta a áireamh sna straitéisí sin chun éifeachtúlacht agus cáilíocht caiteachais phoiblí a mhéadú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na gcóras pinsin agus cúraim sláinte.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Beartais fhioscacha chomhordaithe agus stuama a ghlacadh chun fiachas a choimeád ar leibhéal stuama nó chun cóimheasa fiachais a chur ar chonair inchreidte anuas. Cé gur cheart do bheartais leanúint de bheith solúbtha i bhfianaise na héiginnteachta atá ann faoi láthair, seasamh fioscach sriantach foriomlán a bhaint amach sa limistéar euro <u>i gcomhréir leis na moltaí ón gComhairle</u>, agus ar an gcaoi sin inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú agus brúnna boilscitheacha a sheachaint. Clabhsúr a chur a luaithe is féidir in 2024 le bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála agus an coigilteas gaolmhar a úsáid chun easnaimh a laghdú. [...] Straitéisí fioscacha a fhorbairt chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht an fhiachais a neartú i gcás inar gá, trí chomhdhlúthú cinntithe, difreáilte, de réir a chéile agus réalaíoch, mar aon le hinfheistíochtaí poiblí agus athchóirithe ar ardchaighdeán, go háirithe chun fás inbhuanaithe níos airde a bhaint amach agus chun borradh a chur faoi athléimneacht an limistéir euro i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo. I gcás inar gá, bearta a áireamh sna straitéisí sin chun éifeachtúlacht agus cáilíocht caiteachais phoiblí a mhéadú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na gcóras pinsin, cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh.

*Míniú:*

Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé nach gcuirfear le brúnna boilscitheacha tríd an mbeartas fioscach, ach measann sí go bhfuil ról níos lú ag an mbeartas fioscach maidir le haghaidh a thabhairt ar dhifreálaigh bhoilscithe, i gcás ina bhfuil ról níos tábhachtaí ag beartais struchtúracha eile. Dá bhrí sin, seachnaítear sa téacs a comhaontaíodh an tagairt don staid fhioscach a mhodhnú chun dibhéirseachtaí fadmharthanacha i mboilsciú a sheachaint, agus san am céanna coinnítear an teachtaireacht maidir le comhlíonadh na moltaí fioscacha ón gComhairle a áirithiú.

**<u>Moladh 2 maidir leis an Limistéar Euro</u>**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Ardleibhéal infheistíochta poiblí a chothú, chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus táirgiúlacht agus athléimneacht a neartú. Dlús a chur le cur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear a gcaibidlí REPowerEU. Úsáid iomlán a bhaint as cláir beartais comhtháthaithe agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh ina n-athbhreithniú meántéarma, i measc nithe eile, na dúshláin a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach agus an dul chun cinn atá déanta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, gan a n-uaillmhian fhoriomlán a laghdú.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Ardleibhéal infheistíochta poiblí a chothú, chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus táirgiúlacht agus iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoi athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta. [...] Cur chun feidhme leanúnach, gasta agus éifeachtach na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear a gcaibidlí REPowerEU a áirithiú. Úsáid iomlán a bhaint as cláir beartais comhtháthaithe agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh ina n-athbhreithniú meántéarma, i measc nithe eile, na dúshláin agus na moltaí nua a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach agus an dul chun cinn atá déanta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, gan a n-uaillmhian fhoriomlán a laghdú.

*Míniú:*

Measann an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go leanfar de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go leanúnach, go pras agus go héifeachtach, gan dochar do dhianmheastóireachtaí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, sa téacs a comhaontaíodh, seachnaítear tagairtí do dhlús a chur leis an gcur chun feidhme ós rud é go bhfuil an Chomhairle amhrasach i gcónaí an bhfuil sé indéanta dlús breise a chur leis an gcur chun feidhme.